

# Tuarascáil Bhliantúil 2005/2006



*"D'cheabhsaigh BreastCheck ár gcaighdeán saoil agus thug sé suaimhneas intinne dúinn."*

# Cairt na mBan

## Tiomantas Scrúdaithe

- Beidh meas ag an bhfoireann go léir ar phríobháideacht, dhínt, reiligiún, chine agus chreideamh cultúrtha na mná
- Socrófar na seirbhísí agus na saoráidí ionas go mbeadh gach duine, lena n-áirítear daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, in ann na seirbhísí a úsáid
- Déileálfar le do thaifid scrúdaithe faoi dhianrún agus beidh tú cinnte de do chuid príobháideachta le linn do choinne
- Cuirfear eolas ar fáil do ghaolta agus do chairde a bhfuil baint acu le cúram na mná de réir mar is mian leis an othar
- Beidh an deis i gcónaí agat do thuairimí a chur in iúl agus cuirfear na tuairimí sin san áireamh
- Gheobhaidh tú do chéad choinne laistigh de dhá bhliain ó bheidh do thuairisc faighte ag an gclár
- Ó bheidh do thuairisc faighte ag an gclár gheobhaidh tú cuireadh chun scrúdaithe gach dhá bhliain fad a bhíonn tú san aois 50 go dtí 64 bliana
- Déanfar an scrúdú ort le trealamh nua-aimseartha ar ardchaighdeán a chomhlíonann na Treoirínte Náisiúnta Ciochscrúdaithe

## Tá sé mar aidhm againn

- Fógra seacht lá ar a laghad a thabhairt duit de do choinne
- Eolas faoin scrúdú a sheoladh chugat roimh do choinne
- Freastal ort chomh pras agus is féidir ag tráth do choinne
- Tú a choinneáil ar an eolas faoi aon mhoill dhosheachanta a tharlaíonn ó am go ham
- Timpeallacht dheas, chompordach a chur ar fáil duit le linn an scrúdaithe
- A chinntiú go gcuirfimid torthaí do mhamagraim chugat laistigh de thrí seachtaine

## Má chaitear gloach ar ais ort tá sé mar aidhm againn

- A chinntiú go gcuirfear coinne ar fáil ag an gClinic Mheasúnachta laistigh de dhá sheachtain ó chuirtear toradh mínormálta in iúl duit
- A chinntiú go bhfreastalóidh Dochtúir Comhairleach a bhfuil cúram cíche mar speisialtacht aige/aici ort
- Tacaíocht ó Altra Chúram Cíche a sholáthar
- A chinntiú go bhfaighidh tú do chuid torthaí ón gClinic Mheasúnachta laistigh de sheachtain amháin
- Tú a choinneáil ar an eolas faoi aon mhoill maidir le do chuid torthaí

## Má dhéantar diagnóis d'ailse cíche tá sé mar aidhm againn

- Sin a insint duit go híogair agus go macánta
- An chóireáil atá ar fáil duit a mhíniú go hiomlán duit
- Tú a spreagadh le páirt a bheith agat i gcinneadh a dhéanamh faoin gcóireáil duit
- Do pháirtneír, cara nó duine gaoil a bheith páirteach in aon chomhráite, más mian leat sin
- An ceart a thabhairt duit diúltú do chóireáil, an dara rogha a fháil nó cóireáil mhalartach a roghnú, gan dochar do do chreideamh ná don chóireáil a roghnaíonn tú
- Socrú a dhéanamh le go nglacfaí isteach tú le haghaidh cóireála ó fhoireann shainollte laistigh de thrí seachtaine ón diagnóis
- Tacaíocht ó Altra Chúram Cíche a sholáthar roimh an gcóireáil agus le linn na cóireála
- Eolas a thabhairt duit faoi ghrúpaí tacaíochta ailse áitiúla agus náisiúnta agus faoi ghrúpaí féinchabhrach

## Tabhair do bharúil dúinn

- Tá do chuid tuairimí tábhachtach dúinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht ár gcuid seirbhísí agus chun réimsí a aithint a bhféadfadh muid feabhas a chur orthu
- Tá sé de cheart agat do bharúil faoin gcúram a fuair tú a insint dúinn
- Má mheasann tú nár bhaineamar amach na caighdeáin atá i gCairt na mBan, is féidir leat sin a chur in iúl dúinn trína rá leis na daoine a chuireann an cúram ar fáil nó é a chur i scríbhinn chuig an gclár
- Ba mhaith linn freisin cloisteáil uait má mheas tú gur cuireadh seirbhís mhaith ar fáil duit. Cabhraíonn sé linn fios a bheith againn go bhfuil an cineál ceart seirbhíse á cur ar fáil againn – ceann a shásaíonn tú
- Mar fhocal scoir, má tá aon mholtaí agat faoin tslí a bhféadfaí ár seirbhís a fheabhsú, bheadh muid breá sásta féachaint an féidir linn na moltaí sin a úsáid chun an tslí a gcuirimid cúram ar fáil duit a fheabhsú tuilleadh

## Is féidir leatsa cabhrú trí


- Am an choinne a choinneáil
- Fógra trí lá ar a laghad a thabhairt más mian leat do choinne a athrú
- Aon eolas a chuirimid chugat a léamh
- A bheith tuisceanach ar dhaoine eile a bhíonn ag úsáid na seirbhíse agus ar an bhfoireann
- Déan iarracht, le do thoil, a bheith go maith ar an eolas faoi do shláinte féin

## Inis dúinn

- Má d'athraigh tú do sheoladh
- Má bhí coinne cheana féin agat
- Tabhair do bharúil dúinn – Tá do thuairimí tábhachtach.

## Leathanach an Chláir

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an Stiúrthóra	5
Staitisticí an Chláir	11
Ráitis Airgeadais 2005	21



An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe

Líne Eolais Saorfóin: 1800 45 45 55

Teil: 01 865 9300 Faics: 01 865 9333

R: [info@breastcheck.ie](mailto:info@breastcheck.ie) G: [www.breastcheck.ie](http://www.breastcheck.ie)

## Ráiteas an Chathaoirligh

Fáilte go dtí Tuarascáil Bhliantúil 2005/2006 BreastCheck, An Clár Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe. Tá sonraí feidhmíochta Cláir do mhná ar tugadh cuireadh chun scrúdaithe dóibh i 2005 sa Tuarascáil chomh maith le forbairtí eile go dtí tráth foilsithe na tuarascála i mí na Samhna 2006.

Bhí dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ag BreastCheck i 2005 faoi mar atá sonraithe i dTuarascáil an Stiúrthóra agus i Staitisticí an Chláir. Bhí an-áthas ar an mBord gur tugadh cuireadh chun scrúdaithe do mhná i gCeatharlach agus i gCill Chainnigh den chéad uair.

Tá dul chun cinn mear á dhéanamh ar phleananna an Bhoird go ndéanfaí scrúdú a leathnú go dtí Deisceart agus Iarthar na tíre. Tá Stiúrthóirí Cliniciúla Ainmnithe ceaptha agus tá ceapacháin roinnt daoine d'fhoireann lárnach eile ar siúl. Tá conarthaí dáfa d'fhorbairt na saoráidí a bheidh de dhíth orainn chun an Clár a thabhairt i gcrích.

Sa Ráiteas an Chathaoirligh deiridh uaimse, labhair mé ar an mbród a léiríonn foireann BreastCheck as a bheith mar chuid d'eagraíocht a leanann de bheith ina mhúnla den scothchleachtas laistigh den tSeirbhís Sláinte. Tá sé sin léirithe ag an gcinneadh a rinne an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney TD, le deireanas

Seirbhís Náisiúnta Ailse-Scrúdaithe a bhunú chun Clár BreastCheck, an Clár Ceirbheacsach píolótach atá cheana ann agus b'fhéidir Clár Scrúdaithe Drólaireicteach amach anseo a thabhairt chun cinn. Tá aitheantas tugtha do rialachas, dearbhú cáilíochta agus samhlacha gnó atá forbartha ag BreastCheck mar nithe atá lárnach do chomh maith agus atá ag éirí leis an gClár go dtí seo. Tá fáilte le cur roimh chinneadh an Aire cead a thabhairt an tsamhail sin a roinnt le cláir ailse-scrúdaithe eile atá cheana ann agus a d'fhéadfadh a bheith amach anseo ann.

Leathnófar an Clár Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe atá cheana ann chun Bord na hEagraíochta nua a chruthú. Is mór agam gur iarradh orm a bheith i mo chathaoirleach ar an Eagraíocht sin agus táim ag súil go mór le bheith ag obair i dteannta le Tony O'Brien, Stiúrthóir reatha BreastCheck a bheidh ina Phríomhfheidhmeannach ar an tSeirbhís Náisiúnta Ailse-Scrúdaithe, i dtabhairt chun cinn na hEagraíochta agus a cláir scrúdaithe.



An Dr Sighle Ní Riain  
Cathaoirleach

Tá ról níos mó ag BreastCheck anois maidir le forbairt seirbhísí ailse trí dhaoine lárnacha den fhoireann a bheith páirteach i roinnt tionscnamh tábhachtach.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le comhaltaí an Bhoird Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe as ar chuir siad leis an gclár ó athbhunaíodh an Bord in Eanáir 2005. Seo é an chéad tuarascáil a léiríonn obair na heagraíochta le linn a dtéarma oifige. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh leis an gCoiste Iniúchta, faoi chathaoirleacht neamhspleách David Flood, as a chuid oibre agus an méid a chur sé lenár socruithe rialachais.

Tá tacaíocht mhaith faighte ag an gclár ón Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney TD, agus óna cuid oifigeach agus glacaim buíochas leo as a dtiomantas leanúnach i leith BreastCheck a leathadh amach mar sheirbhís náisiúnta i 2007.

Glacaim buíochas ó chroí le foireann BreastCheck faoi cheannaireacht an Stiúrthóra Tony O'Brien as a dtiomantas leanúnach, sodhearfa maidir leis an gclár a thabhairt chun cinn agus leanúint de bheith ina shamhail barmhaitheasa laistigh den tSeirbhís Sláinte.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis an illiomad duine a thacaigh le BreastCheck sa chúram sláinte príomha, eagraíochtaí pobail agus na meáin a bhfuil ról chomh tábhachtach sin acu i dtacú leis an líon daoine a dhéanann scrúdú. Ar deireadh, agus an rud is tábhachtaí ar fad, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na mná a bhain leas as an gclár scrúdaithe – an beagnach 60,000 bean ar tugadh cuireadh chun scrúdaithe dóibh i 2005 agus a ghlac leis an gcuireadh sin.

A handwritten signature in black ink that reads "Sighle Ní Riain".

An Dr Sighle Ní Riain  
Cathaoirleach

An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe



*"Thug siad aire doim an t-áim ar taid. Níor cheap mé riamh go mbeinn tógtha asam féin."*

## Tuarascáil an Stiúrthóra

Cuireadh seirbhís cíoch-scrúdaithe ar fáil do 59,960 bean i 2005 – an líon is mó ban ar cuireadh scrúdú orthu go dtí seo.

Léiríonn Staitisticí an Chláir don bhliain 2005 go bhfuil feidhmíocht BreastCheck, tomhaiste i gcomparáid leis na caighdeáin atá leagtha síos inár gCairt na mBan, go leanúnach ard.


Rinneadh dul chun cinn suntasach le BreastCheck a leathnú go dtí limistéir an Deiscirt agus an Iarthair.

### Forléargas

Choinnigh BreastCheck, an Clár Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe, riar mór gníomhaíochta scrúdaithe i 2005 le cuireadh chun scrúdaithe tugtha do 79,262 bean agus go raibh 59,960 bean a d'fhreastail ar an scrúdú. Sin i gcomparáid le 68,046 ar tugadh cuireadh dóibh an bhliain roimhse sin agus 50,540 a d'fhreastail ar scrúdú.

Tá an ráta foriomlán de mhná incháilithe a ghlac le cuireadh don chlár scrúdaithe, 76.6%, fós réasúnta comhleanúnach agus níos mó ná an sprioc de 70%. I rith 2005, ba 318 a bhí sa líon ailsí a diagnósíodh, a bhfuil ráta braite ailse de 5.3 ailsé in aghaidh gach 1,000 bean a scrúdaíodh mar thoradh air, i gcomparáid le 6.1 i 2004 agus 7.2 i 2003.

### Fíor 1 : An líon ban a scrúdaíodh de réir bliain an Chuiridh – ag léiriú méadú seasta i ngníomhaíocht scrúdaithe ó 2001





Tony O'Brien  
Stúirthóir

Iarradh ar chion méadaithe de na mná a bhí i láthair don scrúdú chuig scrúdú ina dhiaidh sin (45,591 i 2005 i gcomparáid le 33,051 i 2004). Is é an toradh a bhí air sin, mar a bhíodas ag súil leis, ná go raibh an líon ailsí a braitheadh níos lú. Ó dhéantar scrúdú, léiríonn na figiúirí go nglacann beagnach naonúr as gach deichniúr ban le cuireadh eile ina dhiaidh sin chun scrúdaithe. Is gné den chlár é sin a bhíonn ag tarlú arís is arís eile ó cuireadh tús le scrúdú leantach i 2002.

Sa bhliain 2005 ba 72.2% a bhí sa ráta glactha do mhná incháilithe don chéad scrúdú (mná ar tugadh cuireadh chuig BreastCheck dóibh den chéad uair) agus is ionann sin agus méadú ar fhigiúr na bliana anuraidh. Is iad na mná nár fhreastail roimhe seo (PNAnna) na mná nár fhreagair an cuireadh le freastal ar an gcéad choinne scrúdaithe i mbabhta roimhe sin. Leanann na mná sin de bheith ag fáil cuirí le freastal ar scrúdú agus is iad an grúpa iad is lú dóchúlachta go bhfreastalóidh siad ar a gcoinne scrúdaithe. Sa bhliain 2005, bhí os cionn an ceathrú cuid de PNAnna ar tugadh cuireadh dóibh a bhain leas go hiarbhir as a gcoinne scrúdaithe. Arís i rith 2006 agus 2007 beidh sé rithabhachtach go ndíreoidh ár n-obair fógraíochta, cumarsáide agus cur chun cinn sláinte ar an dream seo.

Tá anailís iomlán agus mhionsonraithe de staitisticí an Chláir tugtha ar leathanaigh 11 go dtí 19 den tuarascáil seo.

Ba iad na móthréithe don bhliain 2005:

- An líon is airde ban a ndearnadh scrúdú orthu go dtí seo
- Feidhmíocht láidir tomhaiste i gcomparáid leis na paraiméadair feidhmíochta do dhearbhu cáilíochta cliniciúil
- Ardfheidhmíocht sheasta BreastCheck i gcomparáid le paraiméadair Chairt na mBan
- Leathnú na seirbhíse go dtí mná i gCeatharlach agus i gCill Chainnigh
- Dul chun cinn déanta ó thaobh leathnú náisiúnta an Chláir.



## PACS agus An Tionscadal Mamagrafaíochta Digití

Sa bhliain 2005 suiteáladh iomháu mamagrafaíochta digití agus PACS (Córas Chartlannú Pictiúr agus Cumarsáide) i gcomhair meastacháin in aonaid scrúdaithe chliniciúil reatha BreastCheck – Aonad Scrúdaithe Eccles in aice le hOspidéal Ollscoile an Mater Misericordiae agus Aonad Scrúdaithe Mhuirfean in aice le hOspidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath.

Is féidir mamagraif a fháil go díreach i bhfoirm dhigiteach leis an teicneolaíocht seo gan gá a bheith le scannán x-gha ná próiseáil scannáin faoi mar a dhéantar i ngnáth-mhamagrafaíocht. Tagraíonn PACS don chuid den chóras atá freagrach as sonraí íomhánna cliniúla a bhainistiú agus a stóráil agus as na híomhánna sin a chur i láthair na raideolaithe le haghaidh tuairisciú a dhéanamh.

Thug ár meastóireacht leanúnach ar an teicneolaíocht na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith le híomháu digiteach i gcíoch-scrúdú chun suntais, lena n-áirítear caighdeán agus comhsheasmhacht feabhsaithe sna híomhánna, sruth oibre agus riarachán níos éifeachtaí, glacadh le cliant agus sástacht na gcliant agus an buntáiste a d'fhéadfadh a bheith le dáilleog radaíochta laghdaithe. Chomh maith leis sin, tá obair shuntasach déanta, agus leanantar den obair sin, maidir le lánpháirtíú agus

idirghníomhú le córais faisnéise atá cheana ag BreastCheck, atá bunriachtanach chun an úsáid is éifeachtaí agus is féidir a bhaint as an gcóras agus na leibhéil is fearr de chaighdeán sonraí a chinntiú.

Níos deireanaí i 2006 cuirfear aonad mamagrafaíochta digití leis an bhflit de shé aonad scrúdaithe soghluaiste atá cheana ag BreastCheck. Ba chóir go mbeadh an úsáid a bhaintear as íomháu digiteach i suíomh soghluaiste chun leasa dearbhú cáilíochta íomhánna agus d'fhéadfadh sé solúbthacht níos mó a thabhairt in imlonnú na n-aonad scrúdaithe soghluaiste.

Mar chuid de phlean leathnaithe náisiúnta BreastCheck isteach i limistéir an Deiscirt agus an Iarthair, bainfear úsáid as teicneolaíocht íomháiithe dhigitigh ón tús. Tar éis an teicneolaíocht íomháiithe dhigitigh den chéad scoth seo i gcíoch-scrúdú a shuiteáil, is é is dóichí go mbeadh clár BreastCheck ar an gcéad chlár scrúdaithe idirnáisiúnta a bheidh tiontaíthe go hiomlán go dtí mamagrafaíocht dhigiteach.

## Leathnú Náisiúnta

Ó thug an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney TD, cead do thionscadal leathnaithe caipitil €25m chuig limistéir an Deiscirt agus an Iarthair, tá dul chun cinn suntasach déanta chun an tús is luaithe is féidir ar scrúdú a bhaint amach.



Leagan agus Uillmhú Láithreáin don Aonad Scrúdaithe i gCorcaigh



Aonad Soghluaiste Scrúdaithe á thógáil

Táthar i mbun tógála ar dhá Aonad Cliniciúil BreastCheck nua a bheidh bunaithe ag Ospidéal Ollscoile Otharlann Theas Victoria i gCorcaigh agus ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile i nGaillimh. Tá saoráid shiomptómach cíche nua €3m i nGaillimh san áireamh sa tionscadal sin freisin. Ó ceapadh iad, d'oibrigh an mheitheal roghnaithe deartha ar an tionscadal agus tá cead pleanála faighte i ndáil leis an dá shaoráid. Tá conraitheoir ceaptha agus cuirfear tús le tréimhse tógála 48 seachtaine i bhfómhar 2006.

Tá Stiúrthóirí Cliniciúla Ainmnithe – an Dr Alissa Connors i limistéar an Deiscirt agus an Dr Aileen Larke i limistéar an Iarthair – agus cuirfear tús lena gcuid fostaíochta i mí na Samhna 2006. Táthar i mbun an phróisis chun fógra a chur amach do chomhaltai meithle ildisciplíní agus chun iad a cheapadh agus tá tús curtha le Máinlianna Ginearálta Comhairleacha, Raideolaithe Comhairleacha, Histeapaiteolaithe Comhairleacha agus foireann riaracháin agus rólanna cliniciúla eile a earcú. Mar chuid de straitéis Acmhainní Daonna BreastCheck, tá treallús mór earcaíochta ar siúl in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe agus go hidirnáisiúnta chun an líon is mó foirne agus is féidir a chinntiú chun na ceanglais leathnaithe náisiúnta a chomhlíonadh. Leanfar de thógáil na n-aonad scrúdaithe agus d'earcaíocht leanúnach i gcomhráth le tús na scrúduithe.

## Leathnú an Réimse Aoise

D'íarr an Roinn Sláinte agus Leanaí ar an mBord iniúchadh a dhéanamh ar na tairbhí agus ar an tionchar a bhain leis an tseirbhís cíoch-scrúdaithe a leathnú amach thar an réimse aoise reatha de 50-64 bliana. Chomhaontaigh an Bord clár scrúdaithe BreastCheck a leathnú go dtí an teorainn aoise uasta de 69 mbliana tar éis BreastCheck a leathadh amach go náisiúnta.

## An Straitéis Náisiúnta um Rialú Ailse

Chuir BreastCheck le Straitéis um Rialú Ailse 2006 de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí. Leagann an straitéis seo moltaí amach maidir le scrúdú, brath, cóireáil agus bainistiú ailse in Éirinn sna blianta atá le teacht. Ag seoladh na Straitéise i Meitheamh 2006, d'fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney TD, go raibh sé i gceist aici BreastCheck agus an Clár píolótach um Scrúdú Ceirbheacsach a chur le chéile faoi aon eintiteas amháin – An tSeirbhís Náisiúnta Ailse-Scrúdaithe. Leathnófar comhaltas reatha an Bhoird Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe chun an réimse freagrachtaí méadaithe seo a léiriú, a shínfidh freisin go dtí go mb'fhéidir go bhféadfaí Clár Scrúdaithe Drólaireicteach a chur i bhfeidhm. Is clár scrúdaithe rathúil agus seanbhunaithe é BreastCheck a bhfuil



Majella Byrne,  
Príomhoifigeach  
Olbriochtaí



An Dr Fidelma Flanagan,  
Stiúrthóir Cliniciúil,  
Aonad Scrúdaithe Eccles



An Dr Ann O'Doherty,  
Stiúrthóir Cliniciúil,  
Aonad Scrúdaithe Mhuirfean



An Dr Alissa Connors,  
Stiúrthóir Cliniciúil Ainmnithe,  
Limistéar an Deiscirt



An Dr Aileen Larke,  
Stiúrthóir Cliniciúil Ainmnithe,  
Limistéar an Iarthair

samhail rialachais agus gnó dea-fhorbartha aige. Is forbairt loighicíúil don tsamhail seo í a leathnú go dtí fearainn scrúdaithe eile. Táim ag tnúth go muiníneach gur bealach éifeachtúil agus éifeachtach chun ailse-scrúdú a eagrú in Éirinn a bheidh san éabhlóid seo.

## Tátal


Tá an-áthas orm go bhfuil an líon ban a bhain leas as an gcuireadh chun scrúdaithe i 2005 ardaithe os cionn 9,400 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Chomh maith leis sin, ag teacht le leathnú náisiúnta an Chláir, cuireadh mná i gCeatharlach san áireamh sa chlár ó Aibreán 2005 agus ina dhiaidh sin mná as Cill Chainnigh ó Bhealtaine 2006.

Mar Stiúrthóir ar an gClár táim tiomanta do thabhairt i gcrích leanúnach na seirbhíse agus BreastCheck a thabhairt chomh fada le mná i nDeisceart agus in Iarthar na tíre chomh luath agus is féidir. I láthair na huaire táimid ag teacht leis an sprioc an leathadh amach a dhéanamh ag deireadh 2007.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis an gCathaoirleach, le Bord an Chláir Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe, leis na Stiúrthóirí Cliniciúla an Dr Ann O'Doherty ag Aonad Scrúdaithe Mhuirfean agus an Dr Fidelma Flanagan ag Aonad Scrúdaithe Eccles,

Majella Byrne, An Príomhoifigeach Oibríochtaí, an mheitheal bhainistíochta, cliniceoirí agus an fhoireann ar fud na disciplíní de BreastCheck dá dtiomantas leanúnach chun seirbhís den scoth a thabhairt i gcrích inár limistéir scrúdaithe reatha agus díograis agus diongbháilteacht chun an plean leathnaithe náisiúnta a thabhairt i gcrích.

Ba mhaith liom ómós a léiriú don chomhalta boird an tOllamh Peter Dervan a éireoidh as a chuid dualgas ar an mBord i mbliana. Tá sé ina chomhalta den Bhord ó bunaíodh BreastCheck agus chuir sé go mór leis an gclár. Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair dhícheallach atá déanta ag ár gcomhghleacaithe ag Aonad Polasaí Ailse agus ag Oifig Pleanála Ospidéal na Roinne Sláinte agus Leanaí.



**Tony O'Brien**  
*Stiúrthóir*  
*Samhain 2006*



*"Thug siad eolas soiléir do m i gcónaí."*

## An Clár Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe Staitisticí an Chláir a bhaineann le 2005

Baineann na figiúirí atá tuairiscithe leis na mná a rinne teagmháil le BreastCheck idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig, 2005. Tá caighdeán an Chláir, a bhfuil an fheidhmíocht tomhaiste ina leith, bunaithe ar na Treoirínte Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta i Scagthástáil Mamagrafaíochta (An Ceathrú Eagrán).

### Tábla 1 : Gníomhaíocht Scrúdaithe Foriomlán

Tá ardú tagtha ar an líon ban a scrúdaíodh, le cuireadh chun scrúdaithe faighte ag os cionn 79,000 bean agus 59,960 bean ag freastal, rud a léiríonn méadú in éifeachtacht an Chláir. Tá an ráta foriomlán de ghlacadh le cuireadh chun scrúdaithe fós réasúnta comhleanúnach agus níos mó ná an sprioc de 70%. Tá an cóimheas braite caighdeánaithe, tomhas ar fheidhmíocht fhoriomlán an chláir, fós go maith os cionn an chaighdeáin de 0.75.

Paraiméadar Feidhmíochta	2005
An líon ban a dhí-thoiligh tar éis foirm thoilithe a fháil	1,617
An líon ban a fuair cuireadh	79,262
An líon ban incháilithe a fuair cuireadh	78,297
An líon ban a bhí ag feitheamh ar scrúdú	59,960
Ráta glactha na mban incháilithe (na mná a dhí-thoiligh san áireamh)	76.6%
An ráta glactha den spriocphobal is eol dúinn	74.1%
An líon ban ar glaoth ar ais orthu i gcomhair measúnachta	1,923
An líon bithóipsí éadroma oscailte	80
An líon ban a raibh ailse orthu	318
An líon ailsí a braitheadh de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh	5.3
An líon ailsí in situ	48
An líon ailsí ionracha < 15mm	131
Cóimheas Braite Caighdeánaithe	1.01


#### Mionsonraí de na catagóirí neamh-incháilithe

**Eisiata** – mná i gcúram iardain i gcomhair ailse chiche, nárbh fhéidir leis An Post teagmháil a dhéanamh leo, éagumasaithe go fisiciúil nó go meabhrach, ag fáil bháis ó bhreiteacht, eile.

**Fionraithe** – saoire fhada nó ag obair thar sháile, mamagram roimhe sin < 1 bliain, mná a bhí ag iarraidh an coinne a chur siar nó fanacht go dtí an chéad bhabhta eile, daoine nach raibh toilteanach am eile a shocrú sa sceideal.

Tá an líon ban a scrúdaíodh de réir bliain a gcuiridh taispeáinte i bhFíor 2 in imeacht cúig bliana oibríochta den Chlár, rud a léiríonn fás réasúnta seasta ar ghníomhaíocht ó cuireadh tús leis an gClár.

## Fíor 2 : An Líon Ban a Scrúdaíodh de réir Bliain an Chuiridh



## Tábla 2 : Gníomhaíocht Scrúdaithe de réir an Chineáil Scrúdaithe

Ó dhéantar scrúdú, glacann beagnach naonúr as gach deichniúr ban le cuireadh eile ina dhiaidh sin chun scrúdaithe. Is gné sheasta den Chlár é sin ó cuireadh tús le scrúdú leantach i 2000. Tá an líon daoine a ghlac le cuireadh den chéad uair níos ísle ach is méadú é ar an bhfigiúr don bhliain seo caite. Is iad na Mná nár fhreastail roimhe seo ná na mná nár fhreagair cuireadh chun freastal ar a gcéad choinne scrúdaithe sa bhabhta roimhe sin; leanann na mná sin a bheith ag fáil cuireadh chun freastal ar scrúdú agus glacann os cionn an ceathrú cuid díobh leis an gcuireadh eile sin.

Paraiméadar Feidhmíochta	Pobal an Chéad Chuiridh 2005	Mná nár fhreastail roimhe seo 2005	Pobal ar Chuireadh ina Dhiaidh sin 2005
An líon ban a dhí-thoiligh	65	Ní Bhaineann	1,552*
An líon ban a fuair cuireadh	24,202	9,469	45,591
An líon ban incháilithe do chuireadh (dí-thoilithe san áireamh)	22,523	9,469	46,305
An líon ban a scrúdaíodh	16,262	2,595	41,103
Ráta glactha na mban incháilithe (na mná a dhí-thoiligh san áireamh)	72.2%	27.4%	88.8%
An ráta glactha den spriocphobal is eol dúinn	67.0%	27.4%	87.2%

\*Mná a dhí-thoiligh i mbabhta scrúdaithe roimhe sin, ach atá fós sa spriocghrúpa aoise de 50-64 bliana.

### Tábla 3 : Gníomhaíocht Scrúdaithe de réir an Chineáil Scrúdaithe agus Aoisghrúpa

Is airde atá an ráta glactha le haghaidh scrúdaithe den chéad uair i measc mná óga; is rud coitianta é sin i gcláir chíoch-scrúdaithe.

#### Tábla 3(i) : Pobal an Chéad Chuiridh

Paraiméadar Feidhmíochta	50-54	Aoisghrúpa 55-59	60-64
An líon ban a dhí-thoiligh	40	10	12
An líon ban a fuair cuireadh	16,784	4,012	2,994
An líon ban incháilithe a fuair cuireadh	16,030	3,540	2,592
An líon ban a scrúdaiodh	12,189	2,285	1,555
Ráta glactha na mban incháilithe (na mná a dhí-thoiligh san áireamh)	76.0%	64.5%	60.0%
An ráta glactha den spriocphobal is eol dúinn	72.5%	56.8%	51.7%

#### Tábla 3(ii) : Mná nár Fhreastail Roimhe Seo

Tá an ráta glactha i measc mná nár fhreastail roimhe seo íseal. Tá sé sin an-chosúil lena sonraítear i gcláir chíoch-scrúdaithe eile. Tá idirghabhálacha spriocdhírith de dhíth ar na mná sin chun cabhrú leo teacht ó na nithe a chuireann bac orthu scrúdú a dhéanamh.

Paraiméadar Feidhmíochta	50-54	Aoisghrúpa 55-59	60-64
An líon ban nár fhreastail roimhe seo a fuair cuireadh	1,625	4,358	3,374
An líon ban a scrúdaiodh	612	1,172	740
An ráta glactha den spriocphobal is eol dúinn	37.7%	26.9%	21.9%

### Tábla 3(iii) : Cuireadh ina Dhiaidh sin

Arís eile feicimid go bhfuil an glacadh don chéad scrúdú níos airde sna haoisghrúpaí níos óige, áit ar airde go nádúrtha an líon ban a fhaigheann cuireadh. Maidir leis na mná a ghlacann le scrúdú ina dhiaidh sin, tá sé ard ar fud na n-aoisghrúpaí.

Paraiméadar Feidhmíochta	50-54	Aoisghrúpa 55-59	60-64
An líon ban a dhí-thoilligh sa bhabhta roimhe sin*	158	439	488
An líon ban incháilithe**	156	350	331
An líon ban incháilithe a fuair cuireadh	8,714	20,842	16,189
An líon ban a scrúdaíodh	7,822	18,721	14,426
Ráta glactha na mban incháilithe (na mná a dhí-thoilligh san áireamh)	89.8%	89.8%	89.1%
An ráta glactha den spriocphobal is eol dúinn	88.2%	88.3%	87.3%

\*dhí-thoilligh sa bhabhta roimhe seo, ach atá fós sa spriocphobal

\*\*aitheanta mar incháilithe sa bhabhta scrúdaithe roimhe seo nó sa bhabhta seo, ach atá fós sa spriocphobal

### Tábla 4 : Cáilíocht Scrúdaithe: An Chéad Scrúdú

Tugann Tábla 4 na príomhpharaiméadair cáilíochta scrúdaithe arna dtomhas i measc mná a bhí ag freastal ar scrúdú den chéad uair. Do na mná sin táthar níos airde ná na príomhchaighdeáin scrúdaithe chliniciúil. Is ailse an-bheag, níos lú ná 15mm i dtrastomhas, a bhí ag beagnach leath na mban go léir ar aimsíodh ailse ionrach iontu ag an gcéad scrúdú, rud atá ina tháscaire iontach prognóise.

Paraiméadar Feidhmíochta	2005	Caighdeán
An líon ban a scrúdaíodh den chéad uair	18,857	
An líon ban ar glaodh ar ais orthu i gcomhair measúnachta	1,037	
An ráta glaodh ar ais	5.5%	<7%
An líon bithóipsí oscailte éadroma	52	
An ráta bithóipsí oscailte éadroma an 1,000 bean a scrúdaíodh	2.8	<3.6
An líon ban a diagnósíodh le hailse	130	
An ráta braite ailsí de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh	6.9	
An líon ban a raibh ailse in situ orthu (DCIS)	20	
An ráta braite DCIS amháin de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh	1.1	
An líon ban a diagnósíodh le DCIS mar % de na mná go léir a diagnósíodh le hailse	15.4%	10-20%
An líon ban a diagnósíodh le hailse ionrach	110	
An ráta braite ailse ionraí de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh	5.8	
An ráta braite ailse ionraí de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh do mhná san aois 50-51	4.0	>2.9
An ráta braite ailse ionraí de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh do mhná san aois 52-64	6.7	>5.2
An líon ban le hailse ionrach <15 mm	51	
An líon ban le hailse ionrach <15 mm mar % de na mná go léir le hailse ionrach	46.4%	≥40%
Cóimheas Braite Caighdeánaithe	0.98	0.75



## Tábla 5 : Cáilíocht Scrúdaithe: Scrúdú ina Dhiaidh sin

Ar an gcaoi chéanna, do mhná a bhí ag fillleadh ar scrúdú ina dhiaidh sin, rinneadh níos fearr ná na paraiméadair thábhachtacha chliniciúla go léir. Bhí cion níos mó fós de mhná a diagnósíodh le hailse ionrach ar siad an-bheag a bhí acu. Tá an cóimheas braite caighdeánaithe fós ard agus go maith chun cinn ar an gcaighdeán.

Paraiméadar Feidhmíochta	2005 Caighdeán	
An líon ban a scrúdaíodh ina dhiaidh sin	41,103	
An líon ban ar glaoch ar ais orthu i gcomhair measúnachta	886	
An ráta glaoch ar ais	2.2%	<5%
An líon bithóipsí oscailte éadroma	28	
An ráta bithóipsí oscailte éadroma an 1,000 bean a scrúdaíodh	0.7	<2
An líon ban a diagnósíodh le hailse	188	
An ráta braite ailsí de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh	4.6	
An líon ban a raibh ailse in situ orthu (DCIS)	28	
An ráta braite DCIS amháin de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh	0.7	
An líon ban a diagnósíodh le DCIS mar % de na mná go léir a diagnósíodh le hailse	14.9%	10-20%
An líon ban a diagnósíodh le hailse ionrach	160	
An ráta braite ailse ionraí de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh	3.9	>2.4
An líon ban le hailse ionrach <15mm	80	
An líon ban le hailse ionrach <15 mm mar % de na mná go léir le hailse ionrach	50.0%	≥40%
Cóimheas Braite Caighdeánaithe	1.03	0.75

## Tábla 6 : Toradh Scrúdaithe: An Chéad Scrúdú de réir Aoisghrúpa

Tá méadú ag teacht ar an gcion de mhná a ndéantar an chéad scrúdú orthu agus atá san aoisghrúpa is óige 50-54. Mar a bhí i mblianta roimhe sin, feicimid go bhfuil titim ar na rátaí glaoch ar ais agus ardú ar na rátaí braite ailse de réir mar a ardaíonn an aois. Aithnítear gur fachtóir tábhachtach baoil í an aois maidir le hailse chíche.

Bíonn roinnt mná nua ag teacht isteach sa Chlár go fóill ag aoiseanna níos sine, bíodh sin mar gheall ar a bheith ina gcónaí i limistéar nua scrúdaithe m.sh. Réigiún HSE an Deiscirt, nó mar gheall go n-aistríonn siad isteach i limistéar gníomhach scrúdaithe agus go bhfaigheann an Clár amach fúthu.

Paraiméadar Feidhmíochta	50-54	Aoisghrúpa 55-59	60-64
An líon ban a scrúdaíodh	12,801	3,457	2,295
An céatadán ban ar glaoch ar ais orthu i gcomhair measúnachta	5.7%	5.0%	4.7%
An ráta bithóipsí oscailte éadroma de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh	3.20	1.74	2.18
An ráta braite iomlán ailse de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh	5.7	9.0	10.0

## Tábla 7 : Toradh Scrúdaithe: Scrúdú ina dhiaidh sin de réir Aoisghrúpa

Nuair a fhilltear le haghaidh scrúdú eile bíonn na rátaí glaoch ar ais le haghaidh measúnachta eile i gcomhréir lena chéile ar fud na n-aoisghrúpaí; mar a bheifí ag súil leis fuarthas amach go raibh an líon ban a raibh ailse acu ag an measúnacht ag fáil níos airde de réir mar a bhí an aois ag méadú.

Paraiméadar Feidhmíochta	50-54	Aoisghrúpa 55-59	60-64
An líon ban a scrúdaíodh	7,822	18,721	14,426
An céatadán ban ar glaoch ar ais orthu i gcomhair measúnachta	2.3%	2.0%	2.3%
An ráta bithóipsí oscailte éadroma de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh	0.77	0.69	0.62
An ráta braite iomlán ailse de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh	3.7	4.6	5.0


## Tábla 8 : Ailí le Diagnóis Neamh-obráide

Gné lárnach den Chlár go dtí seo ná an ráta fíor-ard diagnóise neamh-obráide ailse; i.e. déanann Raideolaí fíochán cíche a shamplú faoi ainéistéiseach logánta i suíomh measúnaithe eisothar, a thugann deis diagnóis chinnte a dhéanamh i gcás na mban go léir, nach mór, gan gá le hidirghabháil mháinliachta.

Paraiméadar Feidhmíochta	An Chéad Scrúdú	Scrúdú ina Dhiaidh sin	Caighdeán
Céatadán de mhná le hailse ag úsáid diagnóise neamh-obráide	93.1%	95.7%	≥70%

Taispeánann Fíor 3 an céatadán de mhná le hailse ag baint úsáide as diagnóis neamh-obráide in imeacht bhlianta an Chláir go dtí seo, b'ardú buan a bhí ansin.

### Fíor 3 : Ráta Diagnóise Neamh-Obráide de réir Bliana




### Tábla 9 : Toradh na Chéad Scrúduithe de réir Réigiúin

I mbliana cuirimid sonraí i láthair de réir na mban a bhfuil cónaí orthu sna réigiúin nua de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird gur féidir le rátaí athrú ó am go ham go háirithe nuair a bhíonn líon beag i gceist. Cuireann BreastCheck scrúduithe ar fáil faoi láthair do mhná i dtrí réigiún, réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt, réigiún Bhaile Átha Cliath agus Lár Laighean agus Réigiún an Deiscirt (contaetha Loch Garman, Cheatharlach agus Chill Chainnigh).

Réigiún cónaithe	An líon ban a scrúdaíodh	Ráta Glactha		An líon ailsí a braitheadh	An líon ailsí a braitheadh de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh
		<i>Incháilithe</i>	<i>Spríoc-Phobal</i>		
Réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt	4,002	67.8%	63.3%	22	5.5
Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Lár Laighean	11,591	54.4%	50.6%	83	7.2
Réigiún an Deiscirt	3,290	82.3%	77.3%	25	7.6

## Fíor 4 : Léarscáil de réigiúin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte



**Tábla 10 : Toradh na Scrúduithe ina dhiaidh sin de réir Réigiúin**

Ba ó réigiún Baile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt agus ó réigiún Bhaile Átha Cliath agus Lár Laighean beagnach na mná go léir a tháinig ar ais i gcomhair scrúdaithe. Mar gheall ar an líon beag ban ar tugadh cuireadh ar ais dóibh ó Réigiún an Deiscirt níl an ráta braite aille iontaoifa.

Réigiún cónaithe	An líon ban a scrúdaíodh	Ráta Glactha		An líon ailsí a braitheadh	An líon ailsí a braitheadh de réir an 1,000 bean a scrúdaíodh
		<i>Incháilithe</i>	<i>Spríoc-Phobal</i>		
Réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt	13,146	89.0%	86.9%	73	5.6
Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Lár Laighean	27,935	90.6%	88.7%	115	4.1
Réigiún an Deiscirt	44	75.9%	75.9%	0	0.0

## Tábla 11 : Paraiméadair Chairt na mBan

Bíonn paraiméadair Chairt na mBan go seasta ard den chuid is mó. Cé go bhfuileamar beagán gann ar an sprioc don chéatadán ban a dtugtar cuireadh an athuair dóibh le haghaidh scrúdaithe, tugadh cuireadh an athuair do 6% breise le linn an 28ú mí, rud a thugann líon iomlán de 95.8% de mhná a fuair cuireadh an athuair laistigh den 28 mí. Tá sé mar aidhm againn cuireadh chun scrúdaithe a thabhairt do mhná incháilithe laistigh de dhá bhliain ó bhíonn a dtuairisc ag an gClár, agus bhaineamar é sin amach i 2005 do 83.6% de na mná a fuair an chéad cuireadh.

Tá an céatadán de mhná ar tairgeadh áit san ospidéal dóibh le haghaidh cóireála príomha máinliachta laistigh de trí seachtaine ó aimsíodh ailse chíce acu gar don sprioc agus táimid buíoch de chomhoibriú na n-ospidéal lena mbaineann ina leith sin.

Paraiméadar Feidhmíochta	2005	Caighdeán Chairt na mBan
% de mhná a fuair fógra 7 lá de choinne	97.9%	≥90%
% de mhná ar cuireadh toradh mamagraim chucu laistigh de 3 seachtaine	96.5%	≥90%
% de mhná ar tairgeadh coinne dóibh le haghaidh Clinice Measúnachta laistigh de 2 sheachtain ó cuireadh toradh mamagrafach mínormálta in iúl dóibh	94.2%	≥90%
% de mhná ar tugadh torthaí ón gClinic Mheasúnachta dóibh laistigh de 1 sheachtain	96.0%	≥90%
% de mhná ar tairgeadh áit san ospidéal dóibh leis haghaidh cóireála laistigh de 3 seachtaine ó diagnóisíodh ailse chíce	84.6%	≥90%
% de mhná ar tugadh cuireadh chun scrúdaithe an athuair dóibh laistigh de 27 mí ó cuireadh an bhabhta roimhe sin	89.6%	≥90%
% de mhná incháilithe i gcomhair scrúdaithe ar tugadh cuireadh chun scrúdaithe dóibh laistigh de 2 bhliain ó bhí a dtuairisc ag an gClár	83.6%	≥90%



*"Bhí an thoirceann an-chairdiúil agus rinneadh an tseirbhís scrúdaithe go discreideach."*

# Ráitis Airgeadais 2005

## Comhdhéanamh an Bhoird agus Faisnéis Eile

Bunaíodh an Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe faoin Ordú um an mBord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe (Bunú) 1998 (arna leasú).

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2005, athbhunaíodh an Bord faoin Ordú um an mBord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe (Bunú) 2004.

### Comhaltas an Bhoird

De réir forála an Ordaithe um an mBord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe (Bunú), 2004, cheap an tAire Sláinte agus Leanaí bord nua, comhdhéanta de na comhaltaí seo a leanas, ar feadh tréimhse 3 bliana ón 1 Eanáir 2005 go dtí an 31 Nollaig 2007.

An Dr Sighle Ní Riain (*Cathaoirleach*)

An tOllamh Peter Dervan

An Dr Tony Holohan

An tUasal Sean Hurley

An tUasal Pat McLoughlin

EdeI Moloney, Uasal

An Dr Ailís ní Riain

An tOllamh Niall O'Higgins

Olivia O'Leary, Uasal

*Stiúrthóir/ Príomhoifigeach:*

**Tony O'Brien**

*Baincéirí:*

**Banc AIB**

Lárionad an Bhainc

Droichead na Dothra

Baile Átha Cliath 4

*Aturnae:*

**Arthur Cox**

Ionad Phort an Iarla

Ardán Phort an Iarla

Baile Átha Cliath 2

*Iniúchóir:*

**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste**

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

*Ceannoifig:*

**BreastCheck**

89-94 Sráid Chéipil

Baile Átha Cliath 1

## An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe

# Ráiteas de Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird

Ceanglaíonn an tOrdú um an mBord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe (Bunú) 2004 ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí an Bhoird Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe agus a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, caithfidh an Bord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- Aon imeacht ábhartha ó fheidhmiú na gcaighdeán cuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura ndán gur míchuí toimhde a dhéanamh go leanfaidh an Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe de bheith ar marthain.


Tá an Bord freagrach as taifid chúí chuntasaíochta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe agus a chur ar a chumas a chinntiú go ndéanann na ráitis airgeadais de réir an Ordaithe.

Tá sé freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe a chosaint agus as sin, bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaíoch agus mír-altachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:



Comhalta Boird



Comhalta Boird



# An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe

## Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

### Freagrachtaí

Thar ceann Bhord an Chláir Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe - BreastCheck, admhaímid ár bhfreagracht a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú.

Is dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú absalóideach, a fhéadfaidh an córas a thabhairt go bhfuil na sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go mbeadh earráidí ábhartha nó mí-rialta cosctha nó go mbeadh siad braite i dtréimhse tráthúil.

### Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Is iad na príomh-nósanna imeachta rialaithe atá i bhfeidhm agus atá ceaptha rialú airgeadais éifeachtach a thabhairt ná:

- Struchtúr bainistíochta sonraithe go soiléir agus deighilt chuí ar dhualgais ar fud na heagraíochta.
- Tá lámhleabhar nósanna imeachta a leagann amach teoracha mionsonraithe do gach gníomhaíocht airgeadais tugtha chun críche.
- Córas buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord a athbhreithniú agus a chomhaontú.
- Athbhreithnithe ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis.
- Úsáid a bhaint as cuntais mheasúla agus pacáistí párolla le nósanna imeachta cothabhála agus cúlta cuí.
- Roghnú agus oiliúint chuí na foirne a bhíonn páirteach san fheidhm airgeadais.

- I réimse an tsoláthair, cuireadh Córas Ordú Ceannaigh riomhairithe agus lánpháirtithe i bhfeidhm i 2005.
- Tá Coiste Iniúchta agus Cairt Iniúchta agus Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh bunaithe ag an mBord. Déanann an Bord athbhreithniú ar thuarascálacha an Iniúchóra Inmheánaigh agus an Choiste Iniúchta.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh don tréimhse dar chríoch an 31ú Nollaig 2005.

Thar ceann an Bhoird:



Comhalta Boird



Comhalta Boird

## An Bord Cíoch Scrúdaithe Náisiúnta

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Cíoch Scrúdaithe Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 iniúchta agam faoi Airteagal 14 den Ordú um an mBord Cíoch Scrúdaithe Náisiúnta (Bunú) 2004.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitiúil, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

### Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-reachtair cuntas agus ciste faoi seach

Tá an Bord Cíoch Scrúdaithe Náisiúnta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Ordaithe um an mBord Cíoch Scrúdaithe Náisiúnta (Bunú) 2004, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn arna mionathrú ag na treoracha ón Aire Sláinte agus Leanaí maidir le cuntas a choimeád faoi chostais aoisliúntais. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na minithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirithe ar gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach príacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le príacal agus rialú.

### An bunús atá le mo thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibríocháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna

suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na minithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Mar a mhínítear i bPolasaí Cuntasaíochta (e), ní thugann an Bord na costais i leith teidlíochtaí aoisliúntais ar aird ach amháin de réir mar a thagann siad chun a bheith iníochta. Ní dhéanann an polasaí seo de réir Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17 a éilíonn go dtugtar costais den chineál seo ar aird sa bhliain ina dtuilltear na teidlíochtaí. Cé nach bhfuil tionchar ag an teip chun déanamh de réir Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17 ar fheidhmiú airgeadais nó ar staid an Bhoird ina foriomláine mar a nochtaitear iad sna ráitis airgeadais, i mo thuairimse tá gá le géilliúlacht chun go

mbeadh tuiscint cheart ann ar na costais a bhaineann leis na tairbhí aoisliúntais a chur ar fáil a thuill fostaithe i rith na bliana agus ar luach na dtairbhí a bhfuil bannaí tugtha ina leith ag an mBord go gcuirfí ar fáil maidir le seirbhís go dtí deireadh na bliana.

Seachas an teip chun costais agus dliteanais aoisliúntais an Bhoird a thabhairt ar aird de réir Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar riocht ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2005 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúí coinithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



Gerard Smyth

*Le haghaidh agus thar cheann an Ard-Reachtair  
Cuntas agus Ciste, 14 Iúil 2006*

## An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe Réamhrá

Bunaíodh an Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe (NBSB) an 3 Meán Fómhair 1998 le hordú ón Aire Sláinte agus Leanaí i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le hAlt 11 den Acht Sláinte 1970. Tháinig an tOrdú um an mBord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe, 2004 in áit an ordaithe bhunaidh le héifeacht ón 1 Eanáir, 2005

Áirítear ar fheidhmeanna an Bhoird, scéim chun luath-dhiagnóis agus cóireáil phríomha ar ailse chíce i mná a ullmhú, a thionscnamh agus a dhéanamh.

Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe i 1997 chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt an Chláir Scrúdaithe.

### Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

#### a) An Bonn Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais bunaithe ar bhonn fabhrúithe de réir na bprionsbal cuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leo faoi chomhghnás an chostais bhunaidh agus comhlíonann siad caighdeán thuairiscithe airgeadais Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta ach amháin mar atá nochta thíos.

#### b) Ioncam agus Caiteachas

(i) Is é an leithdháileadh ón Roinn Sláinte agus Leanaí ná an méid don bhliain 2005 arna chinneadh ag an Roinn Sláinte agus Leanaí.

(ii) Déileáiltear leis an leithdháileadh neamh-chaipitiúil ón Roinn Sláinte agus Leanaí tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Déantar aon chuid den leithdháileadh seo a fheidhmítear chun críocha caipitiúla agus a mbionn breisithe sócmhainní dochta mar thodradh uirthi a aistriú chuig an gCuntas Caipitlithe.

(iii) Déileáiltear le leithdháiltí caipitiúla ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus le caiteachas gaolmhar tríd

an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil. Is ionann an t-iarmhéid ar an gcuntas seo agus barrachas/easnamh mhaoiniú na dtionscadal a soláthraíonn an Roinn Sláinte agus Leanaí cistiú caipitil ina leith.

#### c) Sócmhainní Dochta agus Dímheas

(i) Tá na sócmhainní dochta go léir a fuarthas. Beag beann ar fhoirse na gcistí caipitlithe, seachas na heisceachtaí seo a leanas:

- Sócmhainní atá cistithe ón gCaipiteal le luach níos lú ná €500

- Sócmhainní TF atá cistithe ón Ioncam le luach níos lú ná €1,270

- Sócmhainní TF nach bhfuil cistithe ón Ioncam le luach níos lú ná €3,809

(ii) Tá sócmhainní dochta san áireamh sna Cuntais ag an gcostas lúide dímheas.

(iii) Níl an dímheas, atá meaitseáilte le hamúchadh comhionann den Chuntas Caipitlithe, curtha chun dochair in aghaidh an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais.

Tá feidhm leis na rátaí agus modhanna dímheasa seo a leanas:

Foirgnimh	2%	Líne Dhíreach
Feabhsúcháin Léasa	I rith théarma an léasa	
Troscán Oifige	10%	Líne Dhíreach
Trealamh Oifige	20%	Líne Dhíreach
Trealamh Liachta (Soghluaiste freisin)	20%	Líne Dhíreach

#### Trealamh Riomhaireachta

- Faighte roimh an 1 Ean 2005 20% Líne Dhíreach
- Faighte tar éis an 1 Ean 2005 25% Líne Dhíreach

#### d) Cuntas Caipitlithe

Is ionann an cuntas caipitlithe agus an luach neamhamúchta den chistiú atá curtha ar fáil do na sócmhainní dochta.

#### e) Aoisliúntas

Oibríonn an Bord scéim aoisliúntais shochair shonraithe dá chuid fostaithe. Níl aon fhoráil déanta i ndáil le sochair is iníochta faoin Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil mar go bhfuil an dliteanas frithgheallta ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Cuirtear ranníocaí d'fhostaithe atá ina gcomhaltaí den scéim chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais arna bhfáil. Cuirtear íocaíochtaí pinsin faoin scéim chun dochair don chuntas ioncaim agus caiteachais arna n-íoc. Le hordú ón Aire Sláinte agus Leanaí níl aon fhoráil déanta i leith sochair is iníochta i mblianta amach anseo.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## An Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2005

	Nótaí	Euro	2005 Euro	Euro	2004 Euro
<b>Ioncam</b>					
An Roinn Sláinte agus Leanaí			10,606,000		
Bord Sláinte an Oirthuaiscirt					8,356,000
Ranníocaí Aoisliúntais			367,148		311,393
Ceannaigh Aoisliúntais			37,739		18,415
Ús Bainc Gnóthaithe			13,524		53,708
Ioncam Ilghnéitheach			147		1,482
Fáltais ó Shócmhainní Dochta a Thrádáil isteach			5,000		56,870
Aistriú go dtí an Cuntas Caipitlithe	9		(28,759)		(2,467,180)
			<b>11,000,799</b>		<b>6,330,688</b>
<b>Caiteachas</b>					
Costais Phá	3	6,419,295		5,420,346	
Costais Ioncaim Neamh-Phá	4	4,584,490		3,762,988	
			<b>11,003,785</b>		<b>9,183,334</b>
<b>Barrachas/(Easnamh) don bhliain</b>					
			<b>(2,986)</b>		<b>(2,852,646)</b>
<b>Ráiteas den ghluaiseacht sa Bharrachas Carntha</b>					
Iarmhéid Tosaigh 1 Eanáir			1,126,018		3,978,664
Barrachas / (Easnamh) don bhliain			(2,986)		(2,852,646)
Barrachas Carntha amhail an 31 Nollaig			<b>1,123,032</b>		<b>1,126,018</b>

Seachas dímhéas sócmhainní dochta agus amúchadh an Chuntais Caipitlithe, tá gach gnóchan agus cailiteanas aitheanta don bhliain curtha san áireamh chun teacht ar bharrachas / (easnamh) an ioncaim le hais caiteachais.

Thar ceann an Bhoird:



Comhalta Boid



Comhalta Boid

Is cuid de na ráitis chuntasaíochta seo na beartais chuntasaíochta ar leathanaigh 26 agus 27, agus na nótaí atá ar leathnaigh 32 go dtí 35.


# An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil An Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

	Nótaí	Euro	Euro	2005 Euro	Euro	Euro	2004 Euro
<b>Ioncam</b>							
Deontais Chaipitiúla ón Roinn Sláinte agus Leanaí			1,280,877				407,291
Lúide Cistiú don Aonad Siomptómach i nGaillimh	15		(105,127)				
Lúide Cistiú don Oibrádlann agus Saotharlann i nGaillimh	15		(48,313)				
Glan-Deontas ón Roinn Sláinte agus Leanaí	15			1,127,437			
Cistiú HSE do Shaoráid Bhuan a thógáil ag Muirfean				106,623			228,467
Barrachas tugtha ar aghaidh				394,573			393,445
Sócmhainní Dochta: Fáltais ó Dhiolachán/ Éileamh Árachais							1,128
				<b>1,628,633</b>			<b>1,030,331</b>
<b>Caiteachas</b>							
- Saoráid Bhuan i Muirfean		107,702				95,671	
- Saoráid Bhuan i nGaillimh		141,414					
- Saoráid Bhuan i gCorcaigh		163,807					
- Trealamh agus Daingneáin		40,908				76,807	
- Ceannacháin Trealaimh		442,101				67,830	
Forbairt Saoráidí			895,932				240,308
Teicneolaíocht Faisnéise			310,649	1,206,581		166,983	407,291
Móide Sócmhainní Cistithe Caipitiúla nach bhfuil Caipitlithe				27,479			
Cistiú ERHA chun Saoráid Bhuan a thógáil ag Muirfean							228,467
				<b>1,234,060</b>			<b>635,758</b>
<b>Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus Caiteachas Caipitil</b>				<b>394,573</b>			<b>394,573</b>

Thar ceann an Bhoird::



Comhalta Boid



Comhalta Boid


Is cuid de na ráitis chuntasaíochta seo na beartais chuntasaíochta ar leathanaigh 26 agus 27, agus na nótaí atá ar leathnaigh 32 go dtí 35.

# Clár Comhardaithe Amhail an 31 Nollaig 2005

		Nótaí	2005 Euro	2004 Euro
Sócmhainní Dochta	5		7,747,547	8,510,032
<b>Sócmhainní Reatha</b>				
- Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	6		505,916	411,693
- Airgead ar láimh	7		2,197,342	3,040,195
			2,703,258	3,451,888
<b>Dlíteanais Reatha</b>				
- Creidiúnaithe agus Fabhruithe	8		1,185,653	1,931,297
			1,185,653	1,931,297
<b>Glan-Sócmhainní Reatha</b>			<b>1,517,605</b>	<b>1,520,591</b>
<b>Sócmhainní Dochta móide Glan-Sócmhainní Reatha</b>			<b>9,265,152</b>	<b>10,030,623</b>
<hr/>				
<b>Maoinithe ag</b>		<b>Euro</b>	<b>Euro</b>	<b>Euro</b>
Cuntas Caipitlithe	9	7,747,547		8,510,032
Barrachas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais		1,123,032		1,126,018
Barrachas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil		394,573	9,265,152	394,573
			9,265,152	10,030,623
<hr/>				

Thar ceann an Bhoird:

  
Comhalta Boid

  
Comhalta Boid

Is cuid de na ráitis chuntasaíochta seo na beartais chuntasaíochta ar leathanaigh 26 agus 27, agus na nótaí atá ar leathanaigh 32 go dtí 35.



# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

## An Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

	2005 Euro	2004 Euro	
<b>An barrachas oibríochta a réiteach leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta</b>			
Barrachas/(Easnamh) Oibríochta	(2,986)	(2,852,646)	
Caiteachas Caipitiúil cistiithe ag Ioncam	28,759	2,467,180	
Ús faighte	(13,524)	(53,708)	
Ioncam Ilghnéitheach	(147)	(1,482)	
(Ardú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe	(94,223)	985,761	
(Laghdú)/Ardú i gCreidiúnaithe agus i bhFabhrúithe	(745,644)	682,328	
<b>Glan-Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta</b>	<b>(827,765)</b>	<b>1,227,433</b>	
<b>Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgid don Bhliain dar Chríoch An 31 Nollaig 2005</b>			
<b>Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid</b>			
Glan-Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	(827,765)	1,227,433	
Ús faighte	13,524	53,708	
Ioncam Ilghnéitheach	147	1,482	
Caiteachas Caipitiúil (Nóta 1)	(1,262,819)	(3,101,810)	
	<b>(2,076,913)</b>	<b>(1,819,187)</b>	
Bainistiú ar acmhainní leachtacha			
Airgead Tirim aistarraingthe ó thaiscí	949,734	908,654	
	<b>(1,127,179)</b>	<b>(910,533)</b>	
Cistíocht HSE chun Saoráid Bhuan a thógáil ag Muirfean	106,623	228,467	
Deontas Caipitiúil	1,127,437	407,291	
Ardú/(Laghdú) in Airgead Tirim	106,881	(274,775)	
<b>An glan-sreabhadh airgid a réiteach leis an ngluaiseacht in airgead tirim</b>			
Laghdú/(Ardú) in airgead tirim sa tréimhse	106,881	(274,775)	
Airgead tirim aistarraingthe ó thaiscí	(949,734)	(908,654)	
	<b>(842,853)</b>	<b>(1,183,429)</b>	
Glanchistí amhail an 1 Eanáir	3,040,195	4,223,624	
<b>Glanchistí amhail an 31 Nollaig</b>	<b>2,197,342</b>	<b>3,040,195</b>	
<b>Nóta 1 - Sreabhadh airgid comhlán</b>			
<b>Caiteachas Caipitiúil</b>			
Fáltais ó shócmhainní dochta a dhíol	-	1,128	
Costais Foirgníochta - Cistíocht Chaipitiúil HSE d'Aonad Mhuirfean tarraingthe anuas ag Ospidéal Naomh Uinsíonn	-	(228,467)	
Sócmhainní dochta a cheannach	(1,262,819)	(2,874,471)	
	<b>(1,262,819)</b>	<b>(3,101,810)</b>	
<b>Nóta 2 - Anailís ar athruithe i nglanchistí</b>	<b>Amhail an 1 Eanáir 2005 Euro</b>	<b>Sreabhadh Airgid Euro</b>	<b>Amhail an 31 Nollaig 2005 Euro</b>
Airgead Tirim ar láimh, sa bhanc	35,184	106,881	142,065
Rótharraingtí	-	-	-
	35,184	<b>106,881</b>	142,065
Infheistíochtaí sócmhainne reatha	3,005,011	(949,734)	2,055,277
	<b>3,040,195</b>	<b>(842,853)</b>	<b>2,197,342</b>

# Nótaí atá ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais An Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

		2005	2004
1	Clúdaíonn na ráitis airgeadais seo an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005 agus baineann siad le hidirbhearta an Bhoird Náisiúnta Cioch-Scrúdaithe, agus sin amháin.		
2	Oibríonn seirbhísí scrúdaithe an Bhoird ó dhá shuíomh - Aonad Mhuirfean ag Ospidéal Naomh Uinsíonn agus Aonad Shráid Eccles ag Ospidéal an Mater.		
3	<b>Sonraí Fostaithe agus Luach Saothair</b> Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana:- Tá na caiteachais tuarastail atá liostaithe glan tar éis Athmhúirearú Tuarastail Comhairleach agus NCHD a asbhaint bunaithe ar na tiomantais seisiúnacha chuig Gníomhaireachtaí Sláinte eile.	109	109
	<b>Miondealú ar Luach Saothair:</b>	<b>Euro</b>	<b>Euro</b>
	Bainistíocht/Riarachán	2,414,552	2,106,251
	NCHDanna	579,588	
	Lúide méideanna athmhúirearaithe chuig Gníomhaireachtaí Sláinte eile	(107,643)	471,945
	Comhairligh	2,292,051	
	Lúide méideanna athmhúirearaithe chuig Gníomhaireachtaí Sláinte eile	(957,670)	471,689
	Altranas	218,857	217,327
	Parailíocht	1,868,025	1,551,826
	Seirbhísí Tacaíochta	62,876	51,189
	Aisiocáíochtaí Aoisliúntais/Íocaíochtaí Cnapshuimeanna	38,253	8,003
	Pinsinéirí	10,406	4,790
		<b>6,419,295</b>	<b>5,420,346</b>
4	<b>Costais Ioncaim Neamh-Phá</b>		
	Drugaí agus Míochaine	888	(234,252)
	Soláthairtí Liachta agus Máinliachta	34,966	3,259
	Ceannacháin Trealamh Liachta	-	-
	Soláthairtí agus Conarthaí Trealamh Liachta	1,678	-
	Costais X-Gha / Íomháithe	611,677	629,639
	Costais Saotharlainne	6,128	(1,032)
	Lónadóireacht	19,220	21,525
	Teas, Cumhacht agus Solas	49,231	38,495
	Glanadh, Níochán agus Dramhaíl	59,709	65,603
	Troscán, Crua-earraí agus Gréithe	13,585	18,973
	Cóir Leapa agus Éadach	4,270	2,150
	Costais Choithabhála	919,823	43,648
	Iompar agus Taisteal	344,787	362,401
	Costais Aonaid Shoghluaiste	62,114	139,397
	Muirir Bhainc/Íocaíochtaí Úis	1,051	8,007
	Árachas	108,987	188,141
	Iníúchadh	32,530	51,125
	Costais Dhlíthiúla	8,134	13,556
	Caiteachais Oifige	585,745	667,657
	Ríomhairí	392,493	363,267
	Seirbhísí Gairmiúla	1,104,379	1,122,436
	Costais Oiliúna	158,513	186,445
	Costais Ilghnéitheacha	64,582	72,548
		<b>4,584,490</b>	<b>3,762,988</b>

# Nótaí atá ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais An Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

	Léas Feabhsúcháin Foirgnimh Euro	Troscán agus Trealamh Euro	Oifig Shoghluaisite Cabhailamháin Euro	Aonaid Euro	Liacht Trealamh Euro	X-gha Trealamh Euro	Saotharlann Trealamh Euro	Ríomhairí Trealamh Euro	Iomlán Euro
<b>5 Sócmhainní Dochta</b>									
<b>Costas</b>									
Amhail an 1 Eanáir 2005	4,582,910	665,326	850,031	850,031	370,456	6,332,870	599,601	3,869,021	17,270,215
Breithe									
- Ó Chistí Capitiúla	412,923	107,623				342,135	33,251	310,649	1,206,581
- Ó Chistí Ioncaim		8,754				3,836	2,930	13,239	28,759
Aistrithe		(1,421)						1,421	-
Díúscairtí		(202)				(422,637)		(673,384)	(1,096,223)
Amhail an 31 Nollaig 2005	<b>4,995,833</b>	<b>780,080</b>	<b>850,031</b>	<b>850,031</b>	<b>370,456</b>	<b>6,256,204</b>	<b>635,782</b>	<b>3,520,946</b>	<b>17,409,332</b>
<b>Dimheas</b>									
Amhail an 1 Eanáir 2005	361,556	215,997	607,131	607,131	298,920	3,758,763	362,131	3,155,685	8,760,183
Muirear don Bhliain	140,945	206,600	119,751	119,751	38,301	875,527	98,028	413,167	1,892,319
Aistriú		(995)						995	-
Luide Díúscairtí		(81)				(319,166)		(671,470)	(990,717)
Amhail an 31 Nollaig 2005	<b>502,501</b>	<b>421,521</b>	<b>726,882</b>	<b>726,882</b>	<b>337,221</b>	<b>4,315,124</b>	<b>460,159</b>	<b>2,898,377</b>	<b>9,661,785</b>
<b>Giantuach leabhar</b>									
Amhail an 31 Nollaig 2005	<b>4,493,332</b>	<b>358,559</b>	<b>123,149</b>	<b>123,149</b>	<b>33,235</b>	<b>1,941,080</b>	<b>175,623</b>	<b>622,569</b>	<b>7,747,547</b>
Amhail an 31 Nollaig 2004	<b>4,221,354</b>	<b>449,329</b>	<b>242,900</b>	<b>242,900</b>	<b>71,536</b>	<b>2,574,107</b>	<b>237,470</b>	<b>713,336</b>	<b>8,510,032</b>

# Nótaí atá ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais An Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

	2005 Euro	2004 Euro
<b>6 Féichiúnaithe agus Riomhíocaíochtaí</b>		
- Deontais Chapitil ón Roinn Sláinte agus Leanáí	66,859	20,446
- Féichiúnaithe Ospidéal (Tuarastal Comhairleach agus athmhúirearuithe MDU)	85,572	222,036
- Féichiúnaithe agus Réamhíochaíochtaí Éagsúla	353,485	169,211
	<b>505,916</b>	<b>411,693</b>
Leithdháileadh loncaim is infhaighte ó DOHC/NEHB an 1 Eanáir		838,091
Leithdháileadh loncaim ó Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt		8,356,000
Leithdháileadh loncaim ón Roinn Sláinte agus Leanáí	10,606,000	
Caiteachas glanta ag NBSB arna tharraingt anuas ó DOHC	(10,606,000)	
Caiteachas glanta ag NBSB arna tharraingt anuas ó NEHB		(9,194,091)
Leithdháileadh loncaim is infhaighte ón DOHC/NEHB amhail an 31 Nollaig	-	-
<b>7 Airgead ar Láimh</b>		
Cuntas Reatha Bainc	140,315	33,434
Cuntas Taisce	2,055,277	3,005,011
Cuntas Mionairgid	1,750	1,750
	<b>2,197,342</b>	<b>3,040,195</b>
<b>8 Creidiúnaithe agus Fabhruithe</b>		
Creidiúnaithe Trádála	554,087	1,663,877
Creidiúnaithe Ilghnéitheacha		6,023
Fabhruithe Pá	55,588	92,728
Fabhruithe Eile	575,978	168,669
	<b>1,185,653</b>	<b>1,931,297</b>
<b>9 Cuntas Caipitlithe</b>		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2005	8,510,032	8,048,064
Breisithe ar Shócmhainní Dochta		
- glanta ón Leithdháileadh loncaim	28,759	2,467,180
- glanta ó Leithdháileadh Caipitiúil	1,206,581	635,758
	9,745,372	11,151,002
Diúscairt ar Shócmhainní Dochta	(1,096,223)	(1,047,924)
Amúchadh ag teacht le Dímhéas	(901,602)	(1,593,046)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2005	<b>7,747,547</b>	<b>8,510,032</b>

# Nótaí atá ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais An Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

## 10 Poist Chomhairleacha

Rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí cistiú do na poist Chomhairleacha ar bhonn comh-chionroinnte; ioctar na méideanna ar dtús leis an NBSB agus forchúitítear ansin ó na hospidéal iomchuí iad.

## 11 Áraigh Chaipitil amhail an 31 Nollaig 2005

Euro

Údaraithe agus ar chonradh do:

-

## 12 Dlíteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dlíteanais theagmhasacha ábhartha ann amhail an 31 Nollaig 2005

## 13 Comhaltaí Boird - Idirbhearta a Nochtadh

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le hidirbhearta a nochtadh ag comhaltaí Boird agus cloídh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní raibh aon idirbheart ann sa bhliain i ndáil le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí Boird.

## 14 Barrachas Ioncaim Carntha

Amhail an 31 Nollaig 2005 bhí barrachas ioncaim cartha de €1,123,032 ar an iomlán ag an mBord. Laghdaigh an barrachas cartha €2,986 i rith na bliana. Tá infheistiú straitéiseach sna réimsí seo a leanas leagtha amach don chuid eile den bharrachas ioncaim:

(i) Leathnú Náisiúnta go dtí Corcaigh agus Gaillimh, le leathadh amach i 2007

(ii) Infheistiú leanúnach i bhforbairt Ionaíd Oiliúna Náisiúnta in Iomháu Cíche.

## 15 Deontais Chaipitiúla

I measc na ndeontas caipitiúil a fuair an Bord ón Roinn Sláinte agus Leanaí (DoHC) i 2005 bhí deontais a bhí le híoc thar ceann an DoHC le 2 thionscadal in Ospidéal Réigiúnach na Gaillimhe de €153,440.

## 16 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 22 Meitheamh 2006.

